An Coimisiún Eorpach

# Tusa agus an Óige i lár báire!

## Deiseanna san Aontas Eorpach do dhaoine óga in Éirinn



#TheFutureisYours



# Clár na nÁbhar


4 Taistil agus iniúchadh a dhéanamh san Aontas Eorpach

5 Páirt a ghlacadh in obair dheonach

6 Ag foghlaim agus ag déanamh staidéir san Aontas Eorpach

8 Oiliúint agus fostaíocht san Aontas Eorpach

10 Oibriú leis an Aontas Eorpach

11 An Clár Oibre Glas

12 Eolaíocht agus nuálaíocht

14 An tAontas Eorpach ar scoi

15 Teangacha a fhoghlaim

16 Do thuairim a chur chun tosaigh

18 Príomhtheagmhálacha

19 Teagmháil a dhéanamh leis an Aontas Eorpach

# Réamhrá



Fáilte chuig "Tusa agus an Óige i lár báire". Is í Bliain Eorpach na hÓige a spreag an foilseachán seo chun aird a tharraingt ar na deiseanna iomadúla iontacha atá ar fáil san Aontas Eorpach do dhaoine óga in Éirinn.

Ar na leathanaigh seo, is féidir leat a fháil amach conas páirt a ghlacadh i gcláir atá dírithe ar an óige, cláir a dtacaíonn an tAontas Eorpach leo. Níos tábhachtaí fós, cloisfidh tú ó Éireannaigh óga a bheidh ag roinnt a scéalta pearsanta faoi pháirt a ghlacadh sna cláir sin agus faoina raibh i gceist leis an eispéireas seo dóibh.

Is daoine óga iad 25% de dhaonra an Aontais, agus is í Éire an daonra is óige de na 27 mBallstát agus beagnach 40% den daonra faoi bhun 30 bliain d'aois.

Tá daoine óga tábhachtach chun todhchaí níos fearr a chruthú. Is suim leo an tsíocháin, an neamhionannas sóisialta agus an comhshaol. Tá smaointe nuálacha agus fuinneamh acu chun sochaí níos fearr a chruthú. Bíonn imní orthu faoi ionchais phoist agus faoin gcostas maireachtála. Tá siad ag iarraidh ar chinnteoirí éisteacht lena bhfuil le rá acu agus freagairt dá nglaonna ar ghníomh. Tá an tAontas Eorpach ag éisteacht le tuairimí daoine óga agus tá sé ag obair lena chinntiú go mbraithfidh siad ar a suaimhneas mar shaoránaigh Eorpacha agus gur féidir leo leas a bhaint as na deiseanna iomadúla a bhaineann le bheith ina mbaill den Aontas Eorpach.

Le linn phaindéim Covid-19, bhí dúshláin ollmhóra roimh dhaoine óga go háirithe agus chaill siad imeachtaí tábhachtacha saoil. Mar aitheantas ar na híobairtí a rinne siad, d'ainmnigh Uachtarán an Choimisiúin Eorpach, Ursula von der Leyen, an bhliain 2022 mar Bhliain Eorpach na hÓige.

Sa chomhthéacs sin, tá institiúidí an Aontais, na Ballstáit, na húdaráis náisiúnta agus na páirtithe leasmhara ag obair le chéile chun an deis a thabhairt do níos mó daoine óga dul i mbun foghlama, scileanna nua a fhorbairt, agus cuimhní speisialta a chruthú. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí rannpháirtíocht i gclár suaitheanta an Aontais Eorpaigh do dhaoine óga, Erasmus+, obair dheonach a dhéanamh tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, cúrsa oiliúna a dhéanamh, nó trí bheith mar ambasadóir aeráide don óige.

Tá an tAontas Eorpach ag obair freisin chun cláir don óige a dhéanamh níos uilechuimsithí ionas go mbeidh rochtain ag gach aon duine óg orthu. Tá an ráta dífhostaíochta i measc na hóige san Aontas Eorpach agus in Éirinn ag titim go seasta ó bhí 2012 ann. Tá laghdú suntasach tagtha freisin ar líon na nÉireannach óg nach bhfuil i mbun oideachais ná fostaíochta ná oiliúna le 10 mbliana anuas. Is dea-scéal é sin, ach caithfimid leanúint dár n-iarrachtaí tacú le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach.

Mar a dúirt an tUachtarán von der Leyen, "Beidh ár nAontas níos láidre má bhíonn sé níos cosúla leis an gcéad ghlúin eile: machnamhach, díograiseach, agus lách. Fréamhaithe sna luachanna agus ceannasach sa ghníomh."

**Barbara Nolan**

**Ceann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn**

# Taistil agus iniúchadh a dhéanamh san Aontas Eorpach

Leis an taisteal, osclaítear domhan deiseanna. Is féidir leis an taisteal cuidiú linn go leor a fhoghlaim fúinn féin agus faoi chultúir eagsúla. Is féidir le saoránaigh an Aontais gluaiseacht faoi shaoirse in aon cheann de na 27 mBallstát, agus is féidir le daoine óga páirt a ghlacadh i dtionscnaimh spreagúla ar fud na hEorpa.

Tionscnamh amháin den sórt sin de chuid an Aontais is ea **DiscoverEU** lena dtugar an deis do dhaoine óga turas a thabhairt ar an Eoraip le pasanna saorthaistil 30 lá. Seoladh DiscoverEU in 2018 agus tá sé ina chuid den chlár suaitheanta Erasmus+ de chuid an Aontais anois. Le DiscoverEU tugtar an deis do chónaitheoirí 18 mbliana d'aois san Aontas Eorpach eolas a chur ar an Eoraip trí eispéiris foghlama agus iad ag taisteal d'iarnród den chuid is mó.

*"Déanfaidh tú iniúchadh ar éagsúlacht na hEorpa, foghlaimeoidh tú faoina hoidhreacht agus faoina stair chultúrtha, agus beidh tú i dteagmháil le daoine ó gach cearn den mhór-roinn. Le DiscoverEU is féidir leat scileanna saoil a fhorbairt do do thodhchaí,"* a deir **Janice McGarry**, comhordaitheoir DiscoverEU le Léargas.

Arsa **Cian**, faighteoir óg amháin den phas saorthaistil, *"B'eispéireas iontach é DiscoverEU. Ba dhúshlán dom é. Chuidigh sé liom m'inniúlacht dhigiteach a fhorbairt trí aip Discover EU a úsáid beagnach gach lá. Léiríodh dom leis an eispéireas sin gur féidir liom rud ar bith a bhfuilim meáite air a dhéanamh. Rinne mé cairde ar feadh an tsaoil i dtíortha eile."*

**Eurodesk**


Tionscnamh eile a chuidíonn le daoine óga a n-intinn a oscailt don domhan ná Eurodesk. Is líonra Eorpach um fhaisnéis don óige é Eurodesk, trína gcuirtear seirbhís faisnéise saor in aisce ar fáil do dhaoine óga idir 13 agus 30 bliain d'aois maidir le deiseanna chun taisteal, chun oibriú, agus chun obair dheonach agus staidéar a dhéanamh san Eoraip.

Arsa **Malgorzata Fiedot-Davies**, Comhordaitheoir Eurodesk Ireland in Léargas, *"Spreagann Eurodesk daoine óga chun páirt a ghlacadh in Erasmus+ agus i gcláir eile a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach. Is é ról Eurodesk faisnéis agus deiseanna d'aos óg an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil do gach duine óg san Eoraip."*

Reáchtálann Eurodesk feachtas bliantúil, '**Time to Move**', trína gcuirtear seirbhísí Eurodesk agus deiseanna san Aontas atá ar fáil do dhaoine óga chun cinn. Dúirt Malgorzata, *"Cuireann an tAontas Eorpach a lán deiseanna ar fáil do dhaoine óga. Is féidir leis an taithí ar obair dheonach, oiliúint, obair nó staidéar thar lear a bheith ina acmhainn iontach agus iarratas á dhéanamh acu ar phost."*

Is duine óg í Ola Buczek a fuair tacaíocht ó Eurodesk in Éirinn. Ar sise, *"Bhí sé beartaithe agam Malartú Mac Léinn chun na Spáinne a dhéanamh san Idirbhliain. Tháinig mé ar Eurodesk. Tháinig mé ar theaghlach óstach sa Spáinn trí Eurodesk.*

*"D'fhoghlaim mé go leor fúm féin le linn mo bhliana sa Spáinn, fuair mé blaiseadh de ghnáth-thimpeallacht dhifriúil agus bhuail mé le go leor daoine nua. Mholfainn é do dhuine ar bith. Fiú dhá bhliain ina dhiaidh sin, bím fós i dteagmháil leis na cairde a rinne mé ann."*



**Conas iarratas a dhéanamh:** Osclófar na hiarratais san Earrach agus san Fhómhar ar Thairseach Eorpach na hÓige. Déan tráth na gceist agus bí cinnte go bhfuil pas bailí agat. Tabharfar fógra d'iarratasóirí a n-éireoidh leo trí ríomhphost agus tabharfar cuireadh do gach rannpháirtí chun bheith ina ambasadóir DiscoverEU.

PAS TAISTIL DISCOVER EU

POINTE TEAGMHÁLA EURODESK IRELAND



# Páirt a ghlacadh in obair dheonach

Is bealach iontach í an obair dheonach chun blaiseadh a fháil d'áiteanna, de chultúir agus de scileanna nua agus tú ag cuidiú le daoine eile ag an am céanna.

Leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach tugtar maoiniú agus tacaíocht do dhaoine óga idir 18 agus 30 bliain d'aois chun tionscadail a eagrú nó a dhéanamh go deonach a théann chun tairbhe do phobail, sa bhaile nó thar lear. Baineann eagraíochtaí tairbhe as daoine óga tiomnaithe a bheith acu. Foghlaimíonn daoine óga faoi éagsúlacht agus faoi chuimsiú agus conas a bheith ina saoránach gníomhach.

Is féidir leo obair dheonach a dhéanamh ina n-aonar (go ceann suas le 12 mhí) nó i bhfoirne (suas le 2 mhí) le heagraíocht ina dtír féin, nó thar lear. Ní íoctar oibrithe deonacha ach clúdaítear costais taistil, bia agus lóistín.

Ó 2022 i leith, cuirfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach deiseanna nua um obair heonach thrasteorann ar fáil do dhaoine atá idir 18 agus 35 bliana d'aois chun tacú le tionscadail cabhrach daonnúla. Cuirfear oiliúint ar oibrithe deonacha.

Is Éireannach óg í **Amy Collins** a rinne obair dheonach tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. D'fhág Amy an scoil go luath agus chuaigh Oibrí Óige i dteagmháil léi ag moladh di páirt a ghlacadh ann.

Deir Amy gur cheap sí nach raibh an deis seo ann do dhuine cosúil léi féin.

*Arsa Amy, "Sílim gurb é an féinfhás an rud ba mhó a d'fhoghlaim mé ón gcúrsa. Nuair a théann tú ar eispéireas oibre deonaí, ceapann tú go bhfuil tú ag dul ansin chun cuidiú leis na daoine seo. Ach is é an rud is mó a d'fhoghlaim mé uaidh nach sinne agus iadsan a bhíonn i gceist, ach gur dlúthpháirtíocht chomhchoiteann atá ann beag beann ar dhath craicinn nó ar chultúr; i ndeireadh na dála, is mar a chéile sinn ar fad.*

*"D'fhoghlaim mé an oiread sin fúm féin. D'fhoghlaim mé conas is féidir liom a bheith acmhainneach agus muiníneach - d'athraigh sé mo shaol. Ní dhearna mé m'Ardteistiméireacht agus cheap mé nach raibh ach cosán amháin ann dom. Ach nuair a cuireadh ar an turas oibre deonaí mé, chuaigh cúrsaí ó neart go neart. Ní dóigh liom go mbeadh a leathchuid de na rudaí atá ar eolas agam fúm féin anois agam murach an t-eispéireas seo."*



**Amy Collins**

Ach i ndiaidh di clárú agus a hobair dheonach a chríochnú, chláraigh sí ansin i gcúrsa chun bheith ina hOibrí Óige cáilithe agus lean sí dá cuid oibre agus dá cuid oideachais a chur chun cinn.

**IS FÉIDIR CLÁRÚ AR THAIRSEACH AN CHÓIR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPAIGH AR LÍNE**



# Ag foghlaim agus ag déanamh staidéir san Aontas Eorpach

Is dúshlán é a bheith ag déanamh staidéir agus ag foghlaim thar lear agus cuireann sé le do scileanna pearsanta agus gairmiúla. Trína chlár suaitheanta Erasmus+, tacaíonn an tAontas Eorpach le daoine óga leas a bhaint as deiseanna i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus an spóirt san Eoraip:

**Erasmus+ agus an t-ardoideachas**

Leis an gclár seo cuirtear réimse leathan deiseanna ar fáil do dhaoine chun dul i mbun foghlama, a dtaithí ar an saol a mhéadú, a gcuid scileanna a fheabhsú, agus cairde nua a dhéanamh.

Chun páirt a ghlacadh in Erasmus+, ní mór do scoláirí a bheith cláraithe in Institiúid Ardoideachais, nó a bheith ina chéimí nó ina céimí le déanaí.

Is féidir le mic léinn staidéar a dhéanamh thar lear ar feadh 2-12 mhí. Nó is féidir leo páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna thar lear a chuidíonn leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna teanga agus feabhas a chur ar a CV le taithí fostaíochta idirnáisiúnta. D'fhéadfadh deiseanna iontacha a bheith mar thoradh ar na cúrsaí oiliúna sin.

Má tá tú ag déanamh staidéir ag an tríú leibhéal agus má tá suim agat in Erasmus+, déan teagmháil le hOifig Idirnáisiúnta d'institiúide go bhfeice tú cé na roghanna atá ar fáil. Thaistil mic léinn ar fud an domhain le Erasmus+. Cé go bhfuil an Fhrainc, an Spáinn agus an Ghearmáin ar na trí cheann scríbe is mó i measc mhic léinn na hÉireann, thaistil mic léinn chuig tíortha amhail an tSeapáin, Maracó, agus an Bhrasaíl chomh maith.

Ghlac **Margarett Muldoon** as Contae an Chabháin páirt sa chlár Erasmus+. Rinne sí staidéar ar an Dlí Corparáideach (Idirnáisiúnta) leis an bhFraincis Dhlíthiúil, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ó 2017-2021. Dúirt Margarett gur theastaigh uaithi a scileanna teanga a chur chun cinn in L'Université Clermont Auvergne, Clermont-Ferrand, an Fhrainc ar feadh ocht mí. Dar léi féin gur eispéireas speisialta amach is amach é Erasmus+.

**Tuilleadh staidéir**

Má tá bunchéim bainte amach agat, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an gclár Erasmus Mundus agus staidéar a dhéanamh ag leibhéal Máistreachta in ollscoileanna comhpháirtíochta san Eoraip. Tá scoláireachtaí ar fáil.

**Erasmus+ do chách**

Baineann Erasmus+ le gach foghlaimeoir, ní hamháin leo siúd atá san ardoideachas. Maoinítear leis tionscadail Ghairmoideachais agus Ghairmoiliúna (VET) ar fud na hEorpa agus tacaítear leis chun eagraíochtaí foghlaimeoirí nó printísigh a chur thar lear chun páirt a ghlacadh i socrúcháin oibre. Is éard a dúirt **Carmel Walsh**, a thacaíonn le cur chun feidhme Erasmus+ in Éirinn laistigh de Léargas, "*Tarraingítear aird i gclár Erasmus+ ar na buntáistí a bhaineann le cuimsiú, éagsúlacht, agus dlúthpháirtíocht lenár bpiaraí in áiteanna eile ar fud an domhain. Ba chóir go mbeadh seans ag gach duine a bheith páirteach.*"

**Malartú Ógra Erasmus+**

Leis na malartuithe ógra tugtar deis do ghrúpaí daoine óga ó thíortha éagsúla teacht le chéile, cónaí le chéile agus oibriú ar thionscadail chomhroinnte ar feadh tréimhsí gairide, suas le trí seachtaine.

*"Chuireamar tús le próiseas Erasmus sa dara bliain. Insíodh dúinn faoi na deontais éagsúla do mhic léinn a d'fhéadfaí a bhronnadh as páirt a ghlacadh in Erasmus, rud a chuir ar ár suaimhneas sinn nach mbeadh ualach airgeadais i gceist leis seo.*

*"Bhí Erasmus ar cheann de na heispéiris ab fhearr a bhí agam riamh. Cá huair a bheadh deis eile agam a bheith i mo chónaí thar lear, staidéar a dhéanamh ar theanga nua, agus blaiseadh a fháil de chultúr nua, le tacaíocht ó m'ollscoil agus mo phiaraí?*

*"Rinne mé staidéar ar an dlí, ach fuair mé an deis staidéar a dhéanamh ar ábhair nach ndéanfainn staidéar orthu in Éirinn. Ar na modúil bhí ceann dar teideal 'Studying the Auvergne as a Region'. Ní féidir liom a chur in iúl cé chomh hálainn agus spreagúil a bhí sé a bheith i mo chónaí ansin.*

*"D'fhan mé i dteagmháil le cairde ar bhuail mé leo agus mé ar Erasmus - cairde ón nGréig, ó Québec, ó Mheicsiceo, ón bhFrainc agus ó Mhailí. Chuamar go léir ansin mar strainséirí, agus bacainní teanga, cultúir, agus céimeanna éagsúla againn. Ach d'imíomar go léir mar chairde ar feadh an tsaoil. Is deis é Erasmus leis an domhan a fheiceáil, agus saoirse shaol an mhic léinn a bheith agat fós. Nuair a smaoiním siar anois, mar fhostaí lánaimseartha, tá an t-ádh linn go bhfuilimid ábalta páirt a ghlacadh ann."*



**Margarett Muldoon**

Maidir leis na malartuithe órga sin, teastaíonn 16 dhuine óga ar a laghad (suas go dtí 30 bliain d'aois) ó dhá thír le bheith rannpháirteach. Díríonn daoine óga ar fhoghlaim neamhfhoirmiúil.

Tá baic roimh roinnt daoine óga páirt a ghlacadh. Ach tá tacaíochtaí cuimsithe ar fáil lena áirithiú gur féidir le gach duine páirt ghníomhach a ghlacadh.

Aithnítear eispéiris foghlama na rannpháirtithe trí **Youthpass**. Tacaíonn na **Seirbhísí Óige 'Involve'** le daoine óga de chuid an lucht siúil agus ó ghrúpaí mionlaigh eile in Éirinn.

I samhradh 2022, d'eagraigh Involve malartú ógra Erasmus+ san Iodáil. Bhí **Ayisha Lawal**, 16 bliana d'aois, as Co. na Mí, ar dhuine de na rannpháirtithe agus cheap sí gurbh eispéireas é a d'oscail a dhá súil.

*"Rinneadh an malartú san Iodáil i mbaile beag darb ainm Ortelle. Bhíomar ag meascadh le muintir na háite. Rinne mé cúpla cara anseo. D'oscail an malartú ógra mo shúile dom beagán agus is léir dom anois nach bhfuil gach áit mar an gcéanna. Ní bhíonn a fhios agat riamh cad a mbíonn ar thíortha eile déileáil leis. Mar shampla, bhí an phaindéim an-deacair ar an Iodáil.*

*"Mholfainn an clár do dhaoine eile go cinnte mar go gcuireann sé ar do chumas smaoineamh ar dhaoine eile agus roghanna a dhéanamh ag an am céanna."*



**Ayisha Lawal**

Is as cúlra taistealaithe a thagann **Joseph McCrudden**, 14 bliana d'aois, as Dún na nGall, agus ghlac sé páirt sa mhalartú, *"Rinne mé cairde, chonaic mé sainchomharthaí, pluaiseanna faoi thalamh, agus go leor eile. Tá súil agam go bhfeicfidh mé níos mó amach anseo agus go bhfoghlaimeoidh mé níos mó faoi áiteanna eile."*

**CHUN TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL FAOI ERASMUS+ NÓ AN AIP ERASMUS+ A ÍOSLÓDÁIL**



# Oiliúint agus fostaíocht san Aontas Eorpach

Tá an tAontas tiomanta deimhin a dhéanamh de go mbeidh rochtain ag daoine óga ar dheiseanna fostaíochta agus oiliúna. Cruthaíodh an **Ráthaíocht don Aos Óg** in 2013 agus is éard atá ann gealltanas ó gach Ballstát a chinntiú go bhfaighidh gach duine óg faoi bhun 30 bliain d'aois tairiscint mhaith fostaíochta, oideachais leanúnaigh, printíseachta nó cúrsa oiliúna laistigh de cheithre mhí tar éis a dhífhostaithe nó tar éis an t-oideachas a fhágáil. Tacaíonn an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg go heisiach le daoine óga nach bhfuil san oideachas, fostaíocht ná oiliúint, agus ina measc sin daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach nó iad siúd nach bhfuil cláraithe mar chuardaitheoirí poist.

### Ógtheagmháil

Tionscnamh fostaíochta don aos óg is ea Ógtheagmháil a chuireann deiseanna ar fáil do luathfhágálaithe scoile idir 15 agus 20 bliain d'aois in Éirinn san oideachas, i bhforbairt phearsanta, sa ghairmoiliúint agus i dtaithí oibre. Maireann na cúrsaí 12-24 mhí agus tá siad á mbainistiú ag na Boird Oideachais agus Oiliúna agus ag ionaid oiliúna pobail i 110 n-ionad ar fud na hÉireann. Is féidir le scoláirí teastas a bhaint amach trí chúrsaí creidiúnaithe QQI nó is féidir leo na cláir Ardteistiméireachta / Ardteistiméireachta Feidhmí a dhéanamh. Nuair a bheidh a staidéar críochnaithe acu, spreagtar iad chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid oideachais nó tosú ag lorg poist ina rogha gairme.

Arsa iarscoláire de chuid Ógtheagmháil, **Conor Dewey**, *"Bhí mé an-chúthail. Bhí a fhios agam go raibh oideachas uaim, ach ní raibh mé ábalta a fheiceáil conas a bhainfinn é sin amach sa mhéanscoil. Chuala mé faoi Ógtheagmháil agus chinn mé labhairt leis an gComhordaitheoir."*

Chríochnaigh Conor suas ar deireadh le QQI Leibhéal 4 san Oideachas Ginearálta agus QQI Leibhéal 5 i Riaracháin Gnó agus Oifige. *"Mar thoradh air sin, d'fhás mé agus d'éirigh mé níos muiníní. Chuaigh mé ag obair in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ansin in Specsavers i Sord agus is mise an Stiúrthóir Miondíola anois. Chuir Ógtheagmháil an turas iontach dearfach seo ar fáil dom."*

**Conor Dewey**



### Tacú le Fiontraithe

Is clár malartaithe trasteorann é **Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga** lena dtugtar an deis d'fhiontraithe nua nó do dhaoine ar mian leo a bheith ina bhfiontraithe foghlaim ó fhiontraithe a bhfuil taithí acu agus atá ag reáchtáil gnólachtaí beaga san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin. Is féidir le fiontraithe nua foghlaim conas cuideachta bheag a bhainistiú, scileanna agus eolas ábhartha a fháil, taithí phraiticiúil a fháil agus a líonra a fhorbairt. Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach chun cuidiú leat íoc as do chostais mhaireachtála laethúla agus as do chostais taistil agus páirt a glacadh agat sa chlár.

Mar chuid den chlár, oibríonn daoine óga le fiontraí a bhfuil taithí aige nó aici i ngnó a n-óstaigh ar feadh 1-6 mhí. Gnóthaíonn siad na scileanna ábhartha is féidir leo a úsáid chun a ngnó féin a bhainistiú.

**Conas iarratas a dhéanamh:** Déan teagmháil le do phointe teagmhála náisiúnta le d'iarratas inar cheart go mbeadh CV, litir spreagtha agus, más fiontraí nua thú, plean gnó.

**Scéim Eorpach um Shoghluaisteachta Spriocdhírithe**

Saoránaigh den Aontas atá 18+ agus atá ag athlonnú chun oibre nó atá ag taisteal chuig agallamh i dtír eile san Aontas Eorpach, san Iorua nó san Íoslainn, is féidir leo cúnamh airgeadais a fháil faoin Scéim Eorpach um Shoghluaisteacht Spriocdhírithe (TMS). Déan iarratas sula n-imeoidh tú! Ríomhphost: tms@welfare.ie.




**Europass**

Is féidir le daoine óga a bhfuil faisnéis á lorg acu maidir le foghlaim agus obair san Eoraip í sin a rochtain trí Europass - foireann uirlisí ar líne chun cuidiú le CVanna agus litreacha clúdaigh a chruthú, agus chun tacú le húsáideoirí poist agus cúrsaí a fháil san Aontas Eorpach. Tá sé ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, agus san Úcráinis le déanaí. Is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) pointe teagmhála na hÉireann do Europass.

Tháinig **Danay Berhane** ar a ghairm mar chócaire trí Europass. Bhog sé go hÉirinn go luath sna fichidí agus rinne sé staidéar ansin. *"Bhí sé i gceist agam a bheith i m'innealtóir nó i m'ailtire, ach ghlac mé gairm dhifriúil ar deireadh,"* a deir Danay.

Faoin am seo, bhí a fhios ag Danay go raibh sé ag iarraidh a bheith ina chócaire agus rinne sé iarratas ar chúrsa cócaireachta i gColáiste Tráchtála Chorcaí. Rinne Danay staidéar ansin ar feadh bliana, fuair sé taithí agus fuair sé a chéad phost.

*"Chuidigh na scileanna a d'fhoghlaim mé liom dul isteach in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bhí an taithí a bhí agam cheana féin ina buntáiste. Rinne mé ionadaíocht d'Éirinn sa chomórtas 'Dairy Irish Chef of the Year' i bPáras in 2019, agus is agam a bhí an bua. Tairgeadh intéirneacht dom i gceann de na hóstáin shómasacha 5 Réalta is fearr in Éirinn. Inniu, táim i mo Demi Chef de Partie."*

**EURES – An Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta**

Bhunaigh an Coimisiún Eorpach an líonra EURES chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú agus chun cuidiú le saoránaigh Eorpacha obair a fháil i mBallstát eile. Tá líonra comhairleoirí ag EURES Éireann ar féidir leo faisnéis a sholáthar maidir le post a chuardach san Eoraip agus cuidiú leo teagmháil a dhéanamh le fostóirí Eorpacha. Ina theannta sin, is féidir leo faisnéis phraiticiúil a sholáthar faoi dhálaí maireachtála agus oibre i dtír eile den Aontas nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Dúirt **Claire Petersen**, grianghrafadóir óg Éireannach a ghlac páirt in Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga gur oscail an clár a súile don fhírinne a bhaineann le gnó grianghrafadóireachta a reáchtáil.

*"Mar chuid de Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga, d'oibrigh mé le grianghrafadóir den scoth agus chonaic mé conas gnó grianghrafadóireachta rathúil a reáchtáil.*

*"Fuair mé an deis cónaí i gcathair nár chónaigh mé inti riamh, Beirlín. Thaitin sé chomh mór sin liom go bhfuil mé fós i mo chónaí anseo dhá bhliain ina dhiaidh sin, agus thosaigh mé ag obair go lánaimseartha le mo ghnó grianghrafadóireachta le déanaí. Gach lá úsáidim scileanna a d'fhoghlaim mé ar an gclár. Molaim an clár go hard d'aon fhiontraithe amuigh ansin a bhfuil dealramh leo."*

**Claire Petersen**



**TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE ERASMUS+ D'FHIONTRAITHE ÓGA**

**TUILLEADH EOLAIS FAOI EUROPASS**

# Oibriú don Aontas Eorpach

Soláthraíonn an tAontas deiseanna gairme éagsúla sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus i gcathracha eile den Aontas. Soláthraíonn sé poist freisin i ngníomhaireachtaí an Aontais ar fud na hEorpa agus i dtoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain. Ag brath ar do chúlra, d'fhéadfá oibriú mar oifigeach beartais, oifigeach cumarsáide, eacnamaí, aistritheoir, nó i riarachán agus airgeadas. Éilítear le formhór na bpost leis an Aontas dhá theanga de chuid an Aontais ar a laghad a labhairt.

## Cúrsaí oiliúna in institiúidí an Aontais

Is féidir le céimithe ollscoile iarratas a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna in institiúidí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais. Maireann siad sin cúig mhí de ghnáth, agus faightear íocaíocht leo. Déanann gach institiúid a nós imeachta roghnúcháin féin. Tairgeann an Coimisiún Eorpach cúrsaí oiliúna ar phá cúig mhí dhá uair sa bhliain. Le cúrsaí oiliúna Bluebook tugtar deis iontach do chéimithe dul i mbun oibre in institiúid an Aontais agus taithí a fháil ina réimse roghnaithe, agus iad ag obair in ionad oibre idirnáisiúnta.

Rinne **Alison O'Riordan** staidéar ar an dlí agus ar an bhFraincis i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ansin rinne sí LL.M i nDlí Idirnáisiúnta agus Eorpach sa Bhruiséil. Rinne sí cúrsa oiliúna sa Choimisiún. Arsa Alison, *"Coinnítear ar an eolas thú faoi phoist ar conradh agus faoi phoist shealadacha de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn sa deireadh. Tugtar an deis duit an chéad bhlaiseadh de cheapadh beartas a fháil freisin, agus is rud é sin a sheasfaidh duit is cuma cén chonair ghairme a gcinnfidh tú dul léi."*

*"Bhí suim agam mo chúrsa oiliúna a dhéanamh sa Choimisiún, mar bhí staidéar déanta agam ar dhlí an Aontais Eorpaigh. Theastaigh uaim léargas praiticiúil a fháil ar fheidhmiú na n-institiúidí. Ghlac mé páirt i gcúrsa oiliúna Bluebook trí theagmháil a dhéanamh le hiar-oiliúnaithe agus comhairle a fháil uathu."*

Chríochnaigh Alison ag obair i gComh-Aireacht an Choimisinéara Mairead McGuinness, *"Fuair mé deis iniúchadh a dhéanamh ar bheartais éagsúla le comhaltaí éagsúla den Chomh-Aireacht, agus iomaíocht, trádáil, airgeadas, comhshaol agus sóisialta san áireamh. Agus é sin ar fad ón leibhéal polaitiúil is airde ó thaobh an Aontais Eorpaigh de. Uaireanta bhíomar ábalta an Coimisinéir a leanúint chuig óráidí réamhthaifeadta nó comhdhálacha preasa. Bhí na tréimhsí sin thar a bheith speisialta toisc go bhfuaireamar an deis bualadh le Coimisinéirí eile agus gach rud a bhí ag tarlú a fheiceáil."*



**Alison O'Riordan**

Tairgeann **Parlaimint na hEorpa** dhá chineál cúrsa oiliúna: Cúrsaí oiliúna san Ardrúnaíocht (cúrsaí oiliúna Schuman) dhá uair sa bhliain ar feadh cúig mhí; agus Cúrsaí Oiliúna le Feisirí Pharlaimint na hEorpa.

eu careers

## EU Careers

Sheol Rialtas na hÉireann "Gairm san Aontas Eorpach", Straitéis na hÉireann chun ionadaíocht na hÉireann in Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais a mhéadú. Is é is aidhm don straitéis nua méadú suntasach a dhéanamh ar líon na n-oifigeach Éireannach i bpoist bhuana agus i bpoist shealadacha laistigh d'institiúidí an Aontais, líon na nÉireannach a chuireann isteach ar phoist in institiúidí an Aontais a mhéadú, agus feasacht ar ghairmréimeanna an Aontais in Éirinn ar fud na n-earnálacha uile á bhfeabhsú ag an am céanna. Beidh tacaíochtaí feabhsaithe agus spriocdhírithe ann mar thoradh air freisin d'iarrthóirí Éireannacha atá ag ullmhú do chomórtais maidir le poist san Aontas.

TUILLEADH EOLAIS FAOI PHOIST SAN AONTAS EORPACH

TUILLEADH EOLAIS FAOI CHÚRSAÍ OILIÚNA

# An Clár Oibre Glas

Tá aon trian de dhaonra an Aontais faoi bhun 30 bliain d'aois. Tá na mílte daoine óga ar fud na hEorpa i mbun feachtais chun go ndéanfaidh cinnteoirí beart maidir leis an athrú aeráide. Tá an tAontas ag éisteacht le daoine óga agus ag plé leo maidir leis an gceist sin, rud atá ríthábhachtach dá dtodhchaí.

Tá sé d'aidhm ag an **gComhaontú Glas don Eoraip** geilleagar nua-aimseartha, iomaíoch agus tíosach ar acmhainní a dhéanamh den Aontas Eorpach agus go mbeidh an Eoraip ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach ar domhan faoi 2050. Mar chuid den Chomhaontú Glas, tionscnamh is ea an **Comhshocrú Aeráide Eorpach** lena dtugtar cuireadh do dhaoine de gach aois, go háirithe daoine óga, páirt a ghlacadh chun Eoraip níos glaise a chruthú. Is é príomhaidhm don Chomhshocrú deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga oibriú le chéile agus saincheisteanna faoin aeráid a phlé. Is féidir le daoine óga atá díograiseach faoi ghníomhú ar son na haeráide agus athrú a dhéanamh a bheith ina **nAmbasadóirí don Chomhshocrú Aeráide Eorpach**. Tá ról tábhachtach ag Ambasadóirí Óga an Chomhshocraithe Aeráide maidir le gníomhú ar son na haeráide a threorú, a spreagadh agus tacú leis ina bpobail agus ina líonraí.

Ambasadóir óg Éireannach amháin is ea **Jamie McElwain** as Co. Mhuineacháin atá 17 mbliana d'aois. Deir an gníomhaí go raibh suim aige i gcónaí san athrú aeráide, ach thosaigh sé ag glacadh fíorpháirt ann le linn na chéad bhabhta de COVID-19.

*"Bhunaigh mé craobh áitiúil "Fridays For Future" (FFF) i Muineachán, gluaiseacht dhomhanda aeráide faoi stiúir daoine óga. Anois tugaim cainteanna ar inbhuanaitheacht agus ar cheartas na haeráide, agus is mise an tOifigeach Inbhuanaitheachta tofa in Aontas na Mac Léinn sa Dara Leibhéal in Éirinn."*

Deir Jamie go bhfuil sé thar am níos mó daoine óga a fheiceáil i mbun feachtais le gníomhú ar son na haeráide.

*"Tá daoine óga an-tábhachtach chun éifeachtaí an athraithe aeráide a laghdú. Dá luaithe a rachaimid isteach san oifig pholaitiúil, is ea is luaithe a dhéanfar na hathruithe. Gheall na 27 dtír den Aontas go gcloífidís leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an gComhshocrú Eorpach Aeráide, le dúshlán an Chomhshocraithe Aeráide don Óige , agus leis an bhfeachtas Green Track. An tacaíocht sin ó gach ballnáisiún agus ó gach cara de chuid an Aontais Eorpaigh, tá sí ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus ní mór dúinn dul i gcomhpháirtíocht le chéile."*

*"Déan stocaireacht ar an rialtas agus ar shealbhóirí cumhachta chun go mbeidh siad níos neodraí ó thaobh carbóin agus ó thaobh na haeráide de. Bí thusa ar dhuine de na daoine a dhéanfaidh an t-athrú is mian leat a fheiceáil!"*



**Jamie McElwain**

**Conas a bheith i d'Ambasadóir don Chomhshocrú Aeráide:** Fáiltíonn an tAontas Eorpach roimh iarratais ó dhaoine ar ceannairí iad i bpobail áitiúla, i líonraí, in eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus i dtionscnaimh na hóige agus mac léinn.

**BHEITH I D'AMBASADÓIR DON CHOMHSHOCRÚ A ERÁIDE**





# Eolaíocht agus nuálaíocht

Tá an tAontas Eorpach ag cur ar a gcumas do dhaoine óga a gcuid scileanna eolaíochta, teicniúla agus nuálaíochta a chothú trí roinnt tionscnamh agus tionscadal. Seo a leanas conas a dhéantar é sin:

**Seachtain Chóid an Aontais Eorpaigh**

Tionscnamh an phobail is ea Seachtain Chóid an Aontais atá á reáchtáil ag oibrithe deonacha agus a dtacaíonn an Coimisiún Eorpach leis mar chuid dá straitéis le haghaidh Margadh Aonair Digiteach. Déantar ceiliúradh leis ar chódú san Eoraip, agus spreagtar daoine óga chun níos mó a fhoghlaim faoin teicneolaíocht agus pobal a nascadh.

Déanann ambasadóirí don tSeachtain Chóid an tionscnamh a chomhordú ina dtíortha féin. Arsa **Pam O'Brien**, Ambasadóir na hÉireann don tSeachtain Chóid, *"Agus comhtháthú na teicneolaíochta ar siúl i mbeagnach gach gné dár saol, beidh scileanna códúcháin tábhachtach don oideachas agus don fhostaíocht amach anseo."*

Gach bliain, cuireann foireann Sheachtain Chóid an Aontais smaoineamh nó imeacht nua i láthair. In 2021, haiceatón a bhí ann a reáchtáladh i sé Bhallstát; Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Rómáin, agus an tSlóivéin. In Éirinn, reáchtáladh na haiceatóin i gcomhar le scoileanna. Ghlac ocht bhfoireann de dhaltaí idir 15-16 bliana d'aois ó gach cearn d'Éirinn páirt sa chéad bhabhta.

Chuaigh cúig fhoireann ar aghaidh chuig na babhtaí ceannais náisiúnta, agus ba í foireann Mheánscoil Mheánscoil Chnocán Mhichíl Naofa i gClár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo, an buaiteoir iomlán. Rinne Meánscoil Chnocán Mhíchíl Naofa ionadaíocht d'Éirinn i gcluichí ceannais haiceatón an Aontais Eorpaigh i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Ba é an t-eolas a bhí i gceist le haiceatón na hÉireann ná "Conas is féidir leat réiteach a chruthú ina gcomhtháthaítear eagraíochtaí seachbhrabúsacha / deonacha i bpobail áitiúla faoi mhol digiteach amháin?"

Rinne comhpháirtithe tionscail agus acadúla meantóireacht ar na foirne agus soláthraíodh ceardlanna dóibh maidir le dearadh, nuálaíocht, inrochtaineacht agus tumadh.

Tugtar cuireadh do scoileanna agus do mhúinteoirí gach ábhair ag leibhéal ar bith páirt a ghlacadh i Seachtain Chóid an Aontais.

Arsa **Aoibheann Mangan**, mac léinn as Meánscoil Chnocán Mhichíl Naofa, *"Nuair a tugadh téama an haiceatóin dúinn, bhí go leor smaointe difriúla ag ár bhfoireann sular chinneamar ár dtionscadal, SyncLink, ar deireadh."*

*"Chuidigh sé liom mo chuid scileanna oibre foirne a fhorbairt. Bhíomar an-sásta nuair a fuaireamar amach gur againn a bhí an bua in Éirinn agus gur éirigh linn dul ar aghaidh go dtí cluiche ceannais na hEorpa. Cé nár bhuamar cluiche ceannais na hEorpa, bhí am iontach agam fós ag glacadh páirt ann mar gur bhaineamar an-taitneamh as."*



**COINNIGH SÚIL AMACH DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA SEACHTAINE CÓID**

## Comórtas Eorpach na nEolaithe Óga (EUCYS)

Is comórtas agus taispeántas bliantúil é Comórtas Eorpach na nEolaithe Óga de na saothair is fearr atá forbartha in go leor réimsí eolaíochta, ag na daoine óga éirimiúla is fearr i dtíortha éagsúla. Tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh faoin gclár Eolaíochta agus Sochaí is ea an comórtas.

In 2021, bhuaigh buaiteoirí 2020 BT Young Scientist & Technology Exhibition (BTYSTE), **Cormac Harris** agus **Alan O'Sullivan** as Contae Chorcaí, an chéad duais ag EUCYS.

An tionscadal a bhí acu ná Imscrúdú Staitistiúil ar Leitheadúlacht na Steiréitíopála ar bhonn Inscne i measc páistí 5-7 mbliana d'aois.

Roghnaigh Cormac agus Alan a dtionscadal nuair a thug siad faoi deara gur buachaillí iad formhór na scoláirí a roghnaíonn ábhair ETIM ar scoil agus gur cailíní iad formhór na scoláirí a roghnaíonn ábhair nach ábhair ETIM iad.

*"Ba mhór an onóir é BTYSTE 2020 a bhuachan,"* a deir Cormac. *"Agus bhí ríméad orainn ní hamháin gur tugadh fiúntas dár dtionscadal ar an leibhéal náisiúnta, ach go bhfuil fiúntas tugtha ag EUCYS ina leith anois ar an leibhéal Eorpach. Bhí sé ina eispéireas saibhrithe a d'athraigh ár saol agus rud a mholfaimis do gach scoláire óg.*

*"Léirítear lenár dtaighde go dtagann steiréitíopaí inscne chun cinn i leanaí óga agus i mbuachaillí go háirithe,"* a deir Alan. *"Tá ár gcuid torthaí tábhachtach mar idirghabhálacha chun dul i ngleic le claontacht inscne a dhírítear ar chailíní de ghnáth. Aithnítear le torthaí ár dtionscadail, áfach, an gá atá le díriú ar gach leanbh nuair atá siad an-óg."*

*"Is ardáin thábhachtacha iad BTYSTE agus EUCYS do dhaoine óga chun iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le heolaíocht a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a théann i bhfeidhm ar a saol laethúil a réiteach."*







# An tAontas Eorpach ar scoil

Tá sé d'aidhm ag an Aontas Eorpach níos mó deiseanna comhionanna a thabhairt do dhaoine óga san oideachas, agus na scileanna agus an t-eolas a thabhairt dóibh le go mbeidh siad ina saoránaigh ghníomhacha.

### Bréag-Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Eagraíonn Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn an comórtas díospóireachta bliantúil sin do scoileanna. Tugtar le chéile leis foirne daltaí ó mheánscoileanna chun aithris a dhéanamh ar chruinniú de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Déanann gach foireann ionadaíocht do Bhallstát amháin den Aontas. In 2022, ba é "imirce" téama na díospóireachta agus ba í Ard Scoil Rís i mBaile Átha Cliath an buaiteoir.

De réir na scoláirí **Daniel Cassidy**, **Patrick O'Donovan**, **Luke Hedin** agus **Joe Gifford** a bhuaigh Samhail na Comhairle, *"Bhí taithí roimh ré ag cuid againn ar dhíospóireacht. Is deacair a rá a mhéid a bhí an Bhréag-Chomhairle ina timpeallacht nua dhúshlánach."*

Chaith na scoláirí na seachtainí ag déanamh taighde ar a gcuid argóintí agus ag déanamh fiosrúcháin ar a gcéilí comhraic, chomh maith le dul i gcomhairle le Barry Andrews, Feisire a bhfuil eolas fairsing aige maidir leis an imirce.

*"D'fhoghlaimíomar faoi imirce, agus cé chomh conspóideach agus polaraithe is féidir le saincheisteanna áirithe a bheith. Tá sé tábhachtach a mheabhrú go mbíonn fíordhaoine agus iarmhairtí fíorshaoil taobh thiar de gach plé polaitiúil."*



### Ríomhnascadh


Is tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh é Ríomhnascadh a chuireann pobal ar fáil do scoileanna san Eoraip, agus tá sé á mhaoiniú ag Erasmus+. Trí Ríomhnascadh, is féidir le múinteoirí agus scoláirí scileanna litearthachta digití agus TFC a fhorbairt agus is féidir le scoláirí foghlaim faoi chultúir agus faoi theangacha na hEorpa trí nascadh go díreach le daoine óga ar fud na hEorpa. Dúirt **Helen English**, múinteoir teanga ag Iar-Bhunscoil Mhaigh Nuad, *"An chuid is fearr ná an nasc idirnáisiúnta - ag comhoibriú le múinteoirí i dtíortha eile, ag nascadh ár scoláirí le chéile. Is cinnte gurb é sin an treo a bhfuil an t-oideachas ag dul."*

### Clár Scoile Ambasadóirí Pharlaimint na hEorpa

Spreagann Clár Scoile Ambasadóirí Pharlaimint na hEorpa (EPAS) daoine óga chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróiseas daonlathach an Aontais Eorpaigh. Foghlaimíonn scoláirí i meánscoileanna agus i ngairmscoileanna ar fud an Aontais Eorpaigh faoi ról Pharlaimint na hEorpa, faoina gcearta mar shaoránaigh, agus faigheann siad an deis teagmháil a dhéanamh lena bhFeisirí Eorpacha. Cuimsítear i líonra an EPAS thart ar 1,570 scoil i 27 mBallstát agus tá sé á bhainistiú ag Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa i ngach tír. Ghlac 68 scoil ar fud na tíre páirt ann in 2021-2022 in Éirinn.

Arsa **Layla Hannifin**, scoláire Idirbhliana i Meánscoil na Trócaire, Cnoc an tSeabhaic, Contae Chiarraí, *"Chuir mé eolas ar EPAS nuair a bhí mé sa chéad bhliain agus tugadh cuireadh dom freastal ar Bhréag-Pharlaimint Óige. Spreag sé sin mo shuim sa pholaitíocht agus sa ghníomhaíochas sóisialta."*

*"Nuair a thosaigh mé an Idirbhliain, roghnaigh mé é seo mar ábhar roghnach. Tá áthas orm go ndearna mé an méid a rinne mé. Thaispeáin sé dom cé chomh hinrochtana agus is féidir leis an bpolaitíocht Eorpach a bheith do dhaoine óga. Mar gheall go raibh mé páirteach sa chlár EPAS mhothaigh mé go raibh mé nasctha leis an Eoraip agus le hEorpaigh óga eile."*



**CLÁRAIGH DO SCOIL LE HAGHAIDH RÍOMHNASCTHA**

## Teangacha a fhoghlaim

Tá an t-ilteangachas ar cheann de bhunchlocha an tionscadail Eorpaigh agus is siombail chumhachtach é den aontacht san éagsúlacht. Tá na teangacha a labhraítear ar fud na 27 mBallstát den Aontas ina gcuid riachtanach d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa. Tá 24 theanga oifigiúla san Aontas, an Ghaeilge ina measc.




Is é an 26 Meán Fómhair **Lá Eorpach na dTeangacha (EDL)**. Tá sé d'aidhm ag an imeacht bliantúil sin feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht leathan teangacha atá san Eoraip agus daoine de gach aois a spreagadh chun teangacha a fhoghlaim. Bainistíonn Léargas an tionscnamh sin in Éirinn. Seolann siad ábhair oideachais chuig scoileanna agus comhroinneann siad faisnéis faoi acmhainní atá forbartha ag an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha a bhfuil cluichí, leabhráin agus aipeanna ina measc. Tionólann siad comórtas bliantúil do scoileanna freisin chun foghlaim teangacha a chur chun cinn. Ní hamháin go gcuirtear deiseanna gairme ar fáil le foghlaim teangacha éagsúla, ach tugtar deis do dhaoine cultúir eile a thuiscint agus meas a bheith acu ar a dteanga féin. Bhí daoine óga ar fud na hÉireann páirteach i dtionscadail i dtaca le teangacha arna n-urrú ag an Aontas Eorpach, agus scoláirí i gColáiste Árd Fheá i Muineachán ina measc.

In 2021, bhronn Erasmus+ €65,000 ar an scoil chun Comhpháirtíocht Malartaithe Scoile Erasmus+ a eagrú le scoil sa Liotuáin. Ba é ab aidhm dó ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr, ar theanga agus ar oidhreacht na hÉireann.


Cuireann an Coimisiún Eorpach foghlaim teangacha chun cinn trí chomórtais bhliantúla. Is iad an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na hÉireann a eagraíonn **Comórtas na nAistritheoirí Óga (Young Translators)**. Tá sé oscailte do dhaoine óga atá 15 bliana d'aois nó níos sine ar féidir leo aistriúchán a dhéanamh ó rogha sé theanga Eorpacha, Béarla san áireamh, go Gaeilge. Bíonn an comórtas ar siúl san Earrach.

Bíonn an comórtas **Juvenes Translatores** de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ar siúl i mí Feabhra agus tá sé oscailte do mhic léinn atá 17 mbliana d'aois nó níos sine as gach cearn den Aontas Eorpach ar féidir leo aistriú idir aon dá cheann de na 552 theaglaim fhéideartha teangacha de 24 theanga oifigiúla an Aontais. Bíonn buaiteoir amháin ann in aghaidh na tíre agus in 2021, ainmníodh **Maeve O'Brien**, 18 mbliana d'aois, ó Mheánscoil Loreto i Leitir Ceanainn, a d'aistrigh píosa ón bhFraincis go Béarla, mar an buaiteoir iomlán.

*"Theastaigh uaim mo chuid scileanna teanga a thástáil trí pháirt a ghlacadh,"* a deir Maeve. *"Thaitin an smaoineamh go mór liom go mbeadh go leor scoláirí ar fud na hEorpa ag aistriú ag an am céanna!"*

*"Fuair mé amach gur bhuaigh mé an mhaidin a rinne mé mo bhréagscrúdú Gaeilge. Bhí áthas an domhain orm an chuid eile den lá. Thug sé muinín dom as mo chuid scileanna teanga. Bhí an deis agam dul go dtí an Bhruiséil don searmanas bronnta i mí an Mhárta le mo mhúinteoir agus le mo mháthair - ba dheis í nach bhfaigheann duine ach uair amháin sa saol. Fuair mé deis féachaint timpeall ar fhoirgnimh an Aontais Eorpaigh, agus casadh le haistritheoir a thug léargas dom ar a cuid oibre. Bhuail mé freisin leis na buaiteoirí eile ó thíortha eile an Aontais Eorpaigh."*

*"Toisc go bhfuil mé tar éis foghlaim faoin aistriúchán, chuimhneoinn air mar shlí bheatha anois. Is breá liom teangacha agus is mian liom go mbeadh siad mar chuid de mo thodhchaí. Ba bhreá liom taisteal agus b'fhéidir oibriú san Eoraip. Trí theangacha na hEorpa a bheith agam tá níos mó deiseanna ar fáil dom anois."*



**Maeve O'Brien**

**LÁ EORPACH NA DTEANGACHA**




# Do thuairim a chur chun tosaigh

Le linn Bhliain Eorpach na hÓige 2022 agus ina dhiaidh sin, is mian leis an Aontas Eorpach tacú le daoine óga a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na saincheisteanna is suim leo. D'iarr daoine óga ar an Aontas Eorpach a nguthanna a mhéadú agus d'fhreagair an tAontas Eorpach iad.

### Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh

Baineann **Idirphlé Óige an Aontais** leis an gcumarsáid idir daoine óga agus cinnteoirí chun a chinntiú go gcuirfear tuairim, dearcthaí agus riachtanais daoine óga agus eagraíochtaí óige san áireamh agus beartais an Aontais don óige á sainiú.

Is í Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI) a chuireann Idirphlé Óige an Aontais ar fáil trína gclár Guthanna Óga. Úsáideann siad a saineolas comhchoiteann chun gníomhú ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar dhaoine óga. Chomh maith leis sin, molann siad beartas óige idirnáisiúnta agus Eorpach agus déanann siad stocaireacht ina leith, chun a chinntiú gur féidir le daoine óga a gcuid tuairimí a chur leis na cinntí a théann i bhfeidhm orthu. Cruthaíonn sé sin deiseanna do dhaoine óga. Tugann sé isteach sa phróiseas ceaptha beartas iad ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Leis an gclár, soláthraítear cuir i láthair, agus cuirtear aighneachtaí faoi bhráid cinnteoirí.

Cuirtear toscairí chuig Comhdháil Óige an Aontais freisin, i gcás go n-úsáidtear smaointe daoine óga chun tionchar a imirt ar bheartas ar an leibhéal Eorpach. Tugann sé seo áit ar an mbord cinnteoireachta dóibh. Dúirt duine de na daoine óga a bhí páirteach sa phróiseas, **Dean Murray**, "*Thaispeáin sé dom na bealaí san obair don óige ar féidir le daoine óga tionchar a imirt ar chinntí beartais agus ar chinntí móra eile. Más as ceantar lucht oibre duit, ní chiallaíonn sé sin nach féidir leat taisteal chuig áiteanna eile san Eoraip agus do thuairim a chur in iúl freisin.* "

"*Sílim go dtacaíonn sé le forbairt phearsanta agus oideachas polaitiúil do dhaoine óga agus go gcuidíonn sé leo a bhfeasacht chriticiúil a fhorbairt. Tá siad ábalta breathnú ar rud éigin ar bhealach criticiúil agus a fheiceáil cad iad na rudaí a oibríonn agus nach n-oibríonn.*"

### Parlaimint Eorpach na nÓg

Is clár ar fud an Aontas Eorpaigh é Parlaimint Eorpach na nÓg (EYP) a chuireann spásanna ar fáil do dhaoine óga chun tuairimí maidir le cúrsaí reatha a fhorbairt agus a chur in iúl. Cothaítear tuiscint idirchultúrtha agus cairdeas thar theorainneacha leis. Glacann 30,000 duine óg páirt i níos mó ná 500 imeacht EYP a eagraítear i 40 tír ar fud na hEorpa gach bliain, rud a chuireann le líonra bríomhar de lucht óg déanta athruithe. Is iad na príomhimeachtaí na "seisiúin" bhréag-pharlaiminte. Cuirtear an bhéim ar thuiscint níos fearr ar ghnóthaí na hEorpa a chothú agus cur chuige cuiditheach maidir le teacht ar réitigh ar fhadhbanna coitianta a chur chun cinn.

## Youth4Regions – clár le haghaidh iriseoirí uaillmhianacha

Ní hamháin go bhfuil cláir ag an Aontas Eorpach chun cuidiú le guthanna daoine óga a mhéadú, ach ceiliúrann sé freisin na daoine óga sin atá tiomanta tuairisciú a dhéanamh orthu siúd nach bhfuil aon ghuth acu.

Cuidíonn an clár Youth4Regions le hiriseoirí óga a fháil amach cad atá ar siúl ag an Aontas Eorpach ina réigiún féin. Tugtar deis leis oiliúint a fháil maidir le hiriseoireacht agus maidir le beartas réigiúnach an Aontais. Soláthraítear meantóireacht leis freisin ó iriseoirí seanbhunaithe, agus soláthraítear an deis oibriú taobh le taobh le hiriseoirí cáiliúla le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún i mí Dheireadh Fómhair.

Bronntar an duais Megalizzi – Niedzielski le linn Sheachtain Eorpach na Réigiún ar iriseoirí uaillmhianacha a léiríonn ceangal láidir leis an Aontas Eorpach agus lena luachanna. Is é **Jack Ryan**, 23, mac léinn Eacnamaíochta i gColáiste na Tríonóide, a bhuaigh an duais in 2021, in éineacht le Irene Barahona Fernández as an Spáinn.

Mar chuid dá iarratas ar an gclár Youth4Regions, thaistil Jack go hUíbh Fhailí chun scéal a scríobh faoi iontaobhas talún pobail arna mhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Bíonn an inacmhainneacht ina bac ar thithíocht ag go leor daoine, go háirithe daoine óga. Scríobh Jack faoin dóigh ar spreag costas ard tithíochta na hÉireann lucht déanta beartas chun féachaint ar shamhlacha nua tithíochta.

Cothaíodh leis an bpíosa suim sa pholasaí tithíochta, rud atá fós aige go dtí an lá inniu.

*Arsa Jack, "Is deis iontach é an clár Youth4Regions. Cuideoidh an clár leat foghlaim faoi bheartas Eorpach, barr feabhais a chur ar do scileanna gairmiúla, agus líonraí gairmiúla (agus cairdeas) a chruthú ar fud na mór-roinne. Thug sé an mhuinín dom iriseoir a thabhairt orm féin, agus dul leis an ngairm sin."*

*"Mar gheall ar an duais rinne mé iarracht tuiscint a fháil ar na saincheisteanna casta a mbeidh an Eoraip ag dul i ngleic leo sna blianta amach romhainn. Beidh mé ag déanamh MA san Iriseoireacht Airgeadais, agus tá tionscadail neamhspleácha beartaithe agam ar fud na hEorpa. Táim ar bís ag smaoineamh ar mo ghairm bheatha san iriseoireacht amach anseo!"*



**Jack Ryan**

Is é **Luke Cunningham**, céimí 22 bhliain d'aois as an gCabhán, an t-uachtarán atá ag dul as oifig i bParlaimint Eorpach na nÓg in Éirinn, i ndiaidh dó a bheith páirteach san eagraíocht le 7 mbliana anuas.

*"Is cohórt suntasach de dhaonra an Aontais Eorpaigh iad daoine óga. Tá sé de cheart acu go n-éistfí leo an oiread agus a éistear le haon ghrúpa eile sa tsochaí."*

*"Tá sé tábhachtach go mbeadh daoine óga páirteach sa phróiseas cinnteoireachta, mar is acusan a fhágfar le hoidhreacht an todhchaí a mhúnlófar le cinntí den sórt sin. Cuireann EYP ardán oscailte ar fáil chun gach smaoineamh a phlé agus a chur san áireamh."*

*"Ba chóir do gach duine óg a bheith páirteach i bParlaimint Eorpach na nÓg. Is trí na heagraíochtaí seo ar féidir le daoine óga a thuiscint go bhfuil guth acu agus gur chóir aird a thabhairt orthu."*



**Luke Cunningham**

**PARLAIMINT EORPACH NA NÓG**



# Príomhtheagmhálacha

**Chun tuilleadh eolais a fháil faoi dheiseanna leis an Aontas do dhaoine óga, scan na cóid thíos:**

*Vicí don Óige*

*Ciclipéid na hEorpa ar líne le haghaidh beartais náisiúnta don óige*

VICÍ DON ÓIGE

*EURES – Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta*

CUAIRT EURES

*An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne*

*Eolas maidir le hearcaíocht agus comórtais oscailte in institiúidí an Aontais*

AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

*Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn*


*Imeachtaí & comórtais bhliantúla do scoileanna*

IONADAÍOCHT AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH IN ÉIRINN

*Tá gach eolas faoi dheiseanna leis an Aontas do dhaoine óga ar fáil ar Thairseach Eorpach na hÓige www.europa.eu/youth*

TAIRSEACH EORPACH NA HÓIGE

# Teagmháil a dhéanamh leis an Aontas Eorpach



## Ar líne

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar shuíomh gréasáin Europa: www.europa.eu

## Ar an bhfón nó le ríomhphost

Is seirbhís é Europe Direct a fhreagróidh do chuid ceisteanna faoin Aontas Eorpach:

- Saorghlao: **00800 67 89 10 11** (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- Ríomhphost tríd an leathanach seo: european-union.europa.eu/contact-eu_ga

## Go Pearsanta

Tabhair cuairt ar cheann d'Ionaid Europe Direct: www.europedirect.europa.eu

### Ionaid Faisnéise:

*Europe Direct Chluain Eois*
98 Ascaill Chluain Eois,
Co. Mhuineacháin H23 RW70
cloneslibrary@monaghancoco.ie

*Europe Direct Bhaile Bhlainséir*
An Lárionad Cathrach, Lárionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15
europedirect@fingalcoco.ie

*Europe Direct Phort Laoise*
Teach Dhún Másc, Cearnóg Lyster,
Port Laoise,
Co. Laoise R32 X702
europedirect@laoiscoco.ie

*Europe Direct Leitir Ceanainn (agus Ghaoth Dobhair)*
Bóthar Oilibhéir Pluincéid, Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall F92 R273
eudirect@donegallibrary.ie

*Europe Direct Bhéal Átha na Sluaighe (agus na Ceathrún Rua)*
Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe,
Co. na Gaillimhe H53 T320
Ballinasloe@galwaylibrary.ie

*Europe Direct Phort Láirge*
Lána Mhuire,
Co. Phort Láirge X91 V045
europedirect@waterfordcity.ie

*Europe Direct Shligigh*
Sráid Stiofáin, Co. Shligigh F91 X264
europedirect@sligococo.ie

### Ionaid Doiciméadúcháin Eorpacha:

*An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Foilseacháin Oifigiúla & Ionaid Doiciméadúcháin Eorpacha*
Leabharlann James Joyce COBÁC,
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil Luimnigh*
Leabharlann Glucksman,
Ollscoil Luimnigh, Luimneach

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Robert Schuman*
Leabharlann COC, Bóthar an Choláiste, Corcaigh

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide*
Leabharlann Choláiste na Tríonóide,
Sráid an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,
Leabharlann James Hardiman,
Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh
Library, Newcastle Road, Galway

### An Coimisiún Eorpach:

*Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn*
Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2
www.euireland.ie

### Parlaimint na hEorpa:

*Oifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa in Éirinn*
Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2
www.europarl.ie

An Coimisiún Eorpach

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le:


***Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn***

Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath D02 W710

Guthán: **+353 1 6341111**

Suíomh gréasáin:
www.euireland.ie

Ríomhphost:
**eu-ie-info-request@ec.europa.eu**

**@eurireland**
#TheFutureisYours

**euireland**
#TheFutureisYours

**EUIreland**